Coimisiún na Meán

# Clár Oiliúna agus Forbartha na Meán: Snáithe Oiliúna um Sheiceáil Fíricí Treoir d’Iarratasóirí

**Dáta foilsithe:**
**4 Meitheamh 2026**

**Spriocdháta le haghaidh freagarth 02 Iúil 2026**

Public

# Réamhrá

Is treoir é an doiciméad seo d'iarratasóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar shnáithe tiomnaithe faoi Chlár Oiliúna agus Forbartha na Meán de Choimisiún na Meán. Is é is aidhm don snáithe tiomnaithe seo tacú le fás an tsaineolais seiceála fíricí, réamhbhréagnaithe agus bréagnúin Éirinn i gcomhréir leis an National Counter Disinformation Strategy (NCDS) Clúdaítear na hábhair seo a leanas sa treoir:


1. **Maidir le Coimisiún na Meán** 3

2. **Clár Oiliúna agus Forbartha Choimisiún na Meán** 3

3. **Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?** 4

4. **Cad ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?** 4

5. **Faisnéis atá riachtanach chun iarratas a dhéanamh** 5

6. **An maoiniú atá ar fáil** 6

7. **Maoiniú Státchabhrach** 6

8. **Iarratas a chur isteach** 7

9. **Measúnú ar iarratais** 8

10. **Cinntí** 9

11. **Riachtanais le haghaidh iarratais rathúla** 10

12. **Saoráil Faisnéise** 10

13. **Cosaint Sonraí** 11

**Foscríbhinn a hAon – Plean Airgeadais** 11

**Foscríbhinn a Dó - Teimpléad an Bhuiséid** 12

Moltar d'iarratasóirí an treoir seo a léamh sula gcomhlánaíonn siad an fhoirm iarratais agus sula gcuireann siad isteach í. Má tá aon cheist agat maidir leis an snáithe sonrach seo faoin gClár Oiliúna agus Forbartha na Meán, déan teagmháil le mediaskillsdev@cnam.ie nó (01) 644 1200.

**Dáta Deireanach le haghaidh Iarratas**
Ní mór foirmeacha iarratais atá comhlánaithe ag Coimisiún na Meán a chur isteach i bhformáid **PDF** chuig mediaskillsdev@cnam.ie faoi **12 meán lae, 02 Iúil 2026.** Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha ná neamhchríochnaithe.

# 1. Maidir le Coimisiún na Meán

Is é Coimisiún na Meán an ghníomhaireacht a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach na meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa in Éirinn, mar a léirítear inár Ráiteas Straitéise. Bunaíodh é de réir fhorálacha an *Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022* ar an 15 Márta 2023. I measc na bhfreagrachtaí atá orainn tá:

- An réim rialála maidir le sábháilteacht ar líne a chur chun feidhme.
- Rialáil ar chraoltóirí agus ar sholáthraithe seirbhísí físeáin ar éileamh.
- Tacú le hearnáil na meán i gcoitinne

# 2. Clár Oiliúna agus Forbartha Choimisiún na Meán

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le hoiliúint leanúnach agus gníomhaíochtaí forbartha dóibh sin atá ag obair sna meáin. Trínár gClár Oiliúna agus Forbartha na Meán tá sé mar aidhm againn tacú le gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha a chothaíonn, i gcomhréir lenár Ráiteas Straitéise, tírdhreach meán bríomhar iontaofa atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirteach, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí.

Éascaíonn ár mBeartas maidir le Clár Oiliúna agus Forbartha na Meán oibriú snáitheanna tiomnaithe. Tá iarratais á lorg ag an gCoimisiún chun tacú le fás na seiceála fíricí, an réamhbhréagnaithe agus an bréagnú i meáin na hÉireann, trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a chur ar fáil. Is é is aidhm don oiliúint sin tacú le fás an tsaineolais seiceála fíricí in Éirinn i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise

## 3. Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Tá an snáithe tiomnaithe seo oscailte do na hiarratasóirí seo a leanas:

- Institiúidí Acadúla agus ollscoileanna atá bunaithe agus lonnaithe in Éirinn agus a bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu maidir le hiriseoireacht agus oideachas agus oiliúint sna meáin a sholáthar. Is fearr go bhfuil cúrsaí agus / nó tionscnaimh curtha ar fáil ag na hinstitiúidí acadúla sin roimhe seo ina gcuimsítear seiceáil fíricí, réamhbhréagnú agus bréagnú oideachais agus feasachta bréagaisnéise.

- Comhlachtaí ionadaíocha d'eintiteas na meán rialáilte, lena n-áirítear comhlachtaí oiliúna a bhfuil sé d'acmhainn acu an oiliúint is gá a chur ar fáil.

- Comhlachtaí creidiúnaithe a bhfuil saineolas acu ar sheiceáil fíricí i gcomhthéacs na hÉireann

- Cuirfear comhpháirtíochtaí agus comhoibriú san áireamh. Féadfaidh iarratasóirí dul i gcomhpháirtíocht le heagraíocht sna meáin. Ní mór d'eagraíocht sna meáin a bheith ina heintiteas atá á rialú ag Coimisiún na Meán nó ag Comhairle an Phreasa, nó ina comhlacht ionadaíoch d'eintitis den sórt sin.

## 4. Cad ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Ní mór d'iarratais a bheidh ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise, go háirithe gealltanais 3 agus 5. Ní mór d'iarratasóirí a léiriú freisin go bhfuil siad ag teacht le Ráiteas Straitéise, Choimisiún na Meán, agus le ceann amháin ar a laghad dár gcuspóirí sonracha Beartais Cláir.

- Is féidir maoiniú a lorg do na nithe seo a leanas:

- Oiliúint a fhorbairt agus a chur i gcrích maidir le seiceáil fíricí, réamhbhréagnú agus bréagnú d'iriseoirí iarchéime, luathghairme agus meánghairme agus do ghairmithe sna meáin atá ag obair i gcúrsaí nuachta agus reatha. Tá costais oibríochtúla agus forchostais a bhaineann le gníomhaíochtaí den sórt sin a chur i gcrích, mar shampla tionscnaimh oiliúna a chomhordú agus a chur chun feidhme, incheadaithe.

- Meantóireacht nó intéirneacht a sholáthar atá dírithe go sonrach ar sheiceáil fíricí sna meáin. Ní mór d'iarratasóirí saineolas inmheánach a léiriú chun meantóireacht den sórt sin a éascú agus conas a dhéanfadh an tIarratasóir nó aon eagraíocht chomhpháirtíochta aon togra den sórt sin a struchtúrú agus a chur i bhfeidhm.

- Comhpháirtíochtaí lena n-éascaítear rochtain ar shaineolas, agus scaipeadh seiceálacha fíricí éifeachtacha, réamhbhréagnuithe, agus anailís bréagaisnéise.

Ní mór na gníomhaíochtaí oiliúna nó forbartha atá beartaithe a dhéanamh in 2026.

## Faisnéis Thábhachtach Eile d'Iarratasóirí

- Féadfar 95 % den bhuiséad ábhartha a iarraidh. D'fhéadfadh ranníocaíocht i dtreo táillí rannpháirtíochta/ freastail a bheith san áireamh sa bhuiséad.

- Níl maoiniú ilbhliantúil ar fáil.

- Má tá maoiniú á fháil ag iarratasóir faoi scéim mhaoinithe eile de chuid Choimisiún na Meán, ní féidir leis an iarratasóir iarratas a dhéanamh ar an gClár seo chun tacú leis an ngníomhaíocht / na gníomhaíochtaí nó leis an imeacht céanna atá ag fáil maoiniú tríd an sásra tacaíochta eile.

- Níl an Clár seo ceaptha chun tacú le costais reatha eagraíochta ó lá go lá. Ní cheadaítear maoiniú le haghaidh na gcostas oibríochtúil nó na bhforchostas sin lasmuigh de ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha sainaitheanta.

  Ní cheadaítear iarratas ar mhaoiniú le haghaidh costais chaipitil nó bhonneagair.

## 5. Faisnéis atá riachtanach chun iarratas a dhéanamh

Ní mór d'iarratasóirí an fhoirm iarratais oifigiúil ábhartha de chuid Choimisiún na Meán a chomhlánú leis an bhfaisnéis seo a leanas:

**Sonraí an Iarratasóra / an Chonraitheora Beartaithe,** lena n-áirítear :

- Sonraí an iarratasóra / an Chonraitheora Beartaithe, lena n-áirítear ainm iomlán, seoladh, sonraí teagmhála teileafóin agus ríomhphoist agus aon suíomh gréasáin agus/nó cuntais na meán sóisialta a bhaineann leis an iarratas

- Deimhniú stádas an Iarratasóra / an Chonraitheora Beartaithe, (*e.g.: ainm cláraithe an eintitis is iarratasóir).*

- Cúlra gearr an Iarratasóra / an Chonraitheora Beartaithe, lena n-áirítear cuntas teiste ábhartha, cáilíochtaí an phearsanra lena mbaineann, taithí ábhartha agus tionscnaimh a rinneadh roimhe seo.

**Mionsonraí na ngníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha atá beartaithe**

Tuairisc mhionsonraithe ar an oiliúint shonrach seiceála fíricí atá á moladh, lena n-áirítear:

- Faisnéis maidir le taighde, forbairt agus cur chun feidhme;

- An chaoi a dtacaíonn an oiliúint atá beartaithe leis na gealltanais a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise;

- Aon téamaí nó réimsí fócais sonracha;

- Oiliúnóirí agus oideoirí beartaithe;

- Rannpháirtithe beartaithe agus conas a dhíreofar orthu. Tabhair do d'aire go bhfuil an tsraith oiliúna seo dírithe go sonrach ar **iriseoirí ar céimithe iad, ar iriseoirí luathghairme agus lárghairme agus ar ghairmithe sna meáin atá ag obair i gcúrsaí nuachta agus cúrsaí reatha.** Ceanglófar ar iarratasóir a phróiseas roghnúcháin a léiriú do rannpháirtithe chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an ceanglas sin. Ba cheart do rannpháirtithe a bheith fostaithe ag eintiteas meán rialáilte, mar shampla craoltóir nó nuachtán, nó má tá siad ag feidhmiú mar saoririseoirí, ba cheart dóibh fianaise a sholáthar ar obair a dhéantar d'eintiteas den sórt sin.

- Formáid agus fad:

- Aon chreidiúnú, micridhintiúir nó leibhéal cáilíochta atá beartaithe, más infheidhme;

**Sonraí Airgeadais**

- An méid a iarradh ar an gCoimisiún. **Tabhair faoi deara nach féidir níos mó ná 95 % den bhuiséad ábhartha a iarraidh.**

- Plean airgeadais ina léirítear foinsí maoiniúcháin eile, mar shampla An Coimisiún (má éiríonn leis), maoiniú atá le soláthar ag an Iarratasóir, agus aon chomhpháirtí eile. **(Tá an teimpléad ar fáil i bhFoscríbhinn a hAon).**

- Buiséad, lena leagtar amach costais mhír líne, mar shampla, oiliúnóirí, ábhair, ionad, táillí rannpháirtithe. (**Tá an teimpléad ar fáil i bhFoscríbhinn a Dó).** Tabhair nótaí míniúcháin freisin maidir le costais i gcás inarb ábhartha.

# 6. An maoiniú atá ar fáil

Tá maoiniú **suas le €400,000** ar fáil le leithdháileadh faoin snáithe tiomnaithe seo den Chlár Oiliúna agus Forbartha na Meán, faoi réir iarratas ar chaighdeán leordhóthanach a fháil. Féadfar roinnt faighteoirí a mheas, ag brath ar cháilíocht agus ar chainníocht na n-iarratas

# 7. Maoiniú Státchabhrach

Oibríonn an Coimisiún an Clár seo ag féachaint do Rialacha Státchabhrach an Aontais, agus úsáideann sé Rialachán De Minimis (AE) 2023/2831. Faoin rialachán seo, ní féidir le cabhair a dheonaítear do 'ghnóthas' amháin dul thar €300,000 i dtréimhse rollach 3 bliana. Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcaithfidh íocaíochtaí De Minimis le gnóthas amháin faoi roinnt beart nó scéimeanna cloí go carnach leis an teorainn €300,000.

Faoi De Minimis, is é €300,000 an uasteorainn reatha do gach cabhair De Minimis, gan beann ar fhoinse na cabhrach De Minimis sin, a bhronnann aon ghníomhaireacht Stáit nó comhlacht poiblí thar thréimhse trí bliana ar aon ghnóthas aonair. Ceadaíonn an Coimisiún Eorpach cabhair de Minimis suas le €300,000 in aghaidh an ghnóthais thar aon tréimhse trí bliana faoi Rialachán De Minimis toisc go meastar go bhfuil sé sin ag leibhéal nach mbeidh tionchar substainteach aige ar thrádáil idir na Ballstáit ná nach ndéanfaidh iomaíocht a shaobhadh ná nach mbeidh bagairt ann go saobhfar í agus dá bhrí sin is féidir é a bhronnadh gan fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná imréiteach a fháil uaidh.

Ní mór d'iarratasóirí aon chabhair De Minimis a fuair siad ó aon chomhlacht poiblí sna trí bliana sula bhfaightear maoiniú ón gCoimisiún (agus aon iarratas ar mhaoiniú stáit atá "idir lámha") a dhearbhú don Choimisiún. Déanfar gach tionscadal a sheiceáil maidir le hinfheidhmeacht De Minimis mar chuid den iarratas tosaigh agus ar éilimh a chur isteach, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh iarratais neamh-incháilithe do chabhair deontais faoin Scéim seo mar thoradh air sin.

Iarratasóirí a bhfuil tacaíocht á lorg acu faoi Rialachán De Minimis, ceanglófar orthu dearbhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina ndearbhófar an chabhair uile De Minimis a fuarthas le trí bliana anuas, i gcomhréir le Rialacha Státchabhrach an Aontais. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh dearbhú bréagach, a mbeadh de thoradh air sin go sárófaí an tairseach €300,000, a bheith ina chúis le haisghabháil na cabhrach ag an gCoimisiún le hús ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go liostófar ainm an Iarratasóra a fhaigheann an íocaíocht i gclár Státchabhrach an Aontais, atá ar fáil go poiblí. Is ceanglas nua de chuid an Aontais é sin ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

### Ceanglais Mhonatóireachta & Tuairiscithe

Coinneoidh an Coimisiún taifid ar fhaisnéis agus ar cháipéisí tacaíochta chun a dheimhniú go gcomhlíonfar gach coinníoll a leagtar síos in De Minimis go ceann 10 mbliana ón dáta a ndéanfar an bronnadh deiridh cabhrach faoin gClár.

Chun faisnéis bhreise a fháil: Cabhair De Minimis

## 8. Iarratas a chur isteach

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach i **bhformáid PDF** chuig mediaskillsdev@cnam.ie ag **12 meán lae an 02 Iúil 2026.** Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha ná neamhchríochnaithe. Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán. Ba cheart d'iarratasóirí cóip dhigiteach den iarratas a cuireadh isteach a choinneáil.

**Tabhair faoi deara:** Ná comhlánaigh an fhoirm iarratais i mbrabhsálaí gréasáin le do thoil. Caithfear an fhoirm a íoslódáil agus a shábháil sula gcuirfear isteach í.

# 9. Measúnú ar iarratais

**Réamh-mheastóireacht**: Cinntíonn an chéim seo go bhfuil iarratasóir incháilithe do mhaoiniú faoinmbabhta tiomnaithe seo den Chlár Oiliúna agus Forbartha na Meán. Is é an fócas anseo ná a chinntiú gur comhlíonadh na critéir íosta agus gur cuireadh isteach an doiciméadacht / an fhaisnéis riachtanach.

**Measúnú Cáilíochtúil:** Déanfaidh painéal measúnaithe, ar a mbeidh beirt saineolaithe tionscail ar a laghad, agus comhalta de Choimisiún na Meán measúnú ar na hiarratais. Déantar measúnú ar gach iarratas de réir a fhiúntais féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe thíos.

| Critéir an Mheasúnaithe | Marcanna ar fáil % | Scór íosta a theastaíonn |
|---|---|---|
| • **Ailíniú agus ábharthacht**<br><br>Ailíniú agus ábharthacht leis an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise, go háirithe gealltanais 3 agus 5, agus ailíniú le Ráiteas Straitéise Choimisiún na Meán agus cuspóirí sonracha Bheartas an Chláir. | 40 | 24 |
| • **Taithí ábhartha agus Cuntas Teiste**<br><br>Taithí ábhartha agus cuntas teiste an Iarratasóra. Cuimseoidh cuntas teiste cáilíocht agus taithí an phearsanra lena mbaineann. | 25 | 15 |
| **(C) Réadúil agus Indéanta**<br><br>A mhéid atá an togra réalaíoch agus indéanta sa tréimhse ama a leagtar amach. Beidh aird ag an gcritéar seo freisin ar nósanna imeachta rialaithe cáilíochta atá i bhfeidhm, agus cibé an bhfuil tacaíochtaí leordhóthanacha ann chun rioscaí a bhaineann leis an tionscadal a íoslaghdú (e.g. tacaíocht riaracháin, tacaíocht foirne/oiliúnóirí). | 20 | 12 |
| • **Buiséad agus Luach ar Airgead**<br><br>A mhéid atá an buiséad atá beartaithe, lena n-áirítear nótaí ar chostais, soiléir agus a chuireann sé luach ar airgead ar fáil. | 15 | 9 |
| **Iomlán** | **100%** | **-** |

**Measúnú Straitéiseach:**

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratas cáilitheach ná cistí ar fáil, beidh céim mheasúnaithe eile ag an gCoimisiún. Díreoidh sé sin ar cháilíocht na n-iarratas aonair agus ar an bpacáiste foriomlán dámhachtainí maoinithe is fearr a chomhlíonann aidhmeanna an Chláir agus na sraithe tiomnaithe.

Ansin, cuirfear pacáiste deiridh de mholtaí faoi bhráid na gCoimisinéirí lena bhreithniú agus lena dhaingniú.

Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe don chéim seo:

| **Critéir** | **An Scór atá ar Fáil** |
|---|---|
| Éagsúlacht foinsí | 30 |
| Cruthaitheacht na n-iarratas ar thograí agus ar thrasardáin, más ábhartha | 20 |
| Leibhéal an chomhair/na gcomhpháirtíochtaí | 20 |
| Moltaí ón bpainéal measúnaithe cáilíochtúil/ ó scór measúnaithe cáilíochtúil | 20 |
| Inbhuanaitheacht Comhshaoil | 5 |
| An Ghaeilge | 5 |

**Tabhair faoi deara má d'éirigh le duine maoiniú a fháil roimhe seo nach deimhniú é sin go bhfaighidh sé maoiniú sa bhabhta seo.**

## 10. Cinntí

Cuirfidh Coimisiún na Meán cinntí in iúl d'iarratasóirí rathúla agus d'iarratasóirí nár éirigh leo in 2026.

# 11. Riachtanais le haghaidh iarratais rathúla

**Conradh:** Tá gach tairiscint mhaoinithe faoi réir ag iarratasóirí a ghlacann go foirmiúil leis an tairiscint agus a fhorghníomhaíonn comhaontú / conradh le Coimisiún na Meán laistigh de chreataí ama arna sonrú ag an gCoimisiún.

Ar chur i gcrích conartha, cuirfear sciar tosaigh den mhaoiniú leithdháilte ar fáil. Chun an chuid eile den mhaoiniú a tharraingt anuas, ní mór d'iarratasóirí cloí go hiomlán le téarmaí an chonartha. Cuimsítear leis na ceanglais go gcuirfí na táirgí insoláthartha riachtanacha ar fad atá leagtha amach sa chonradh isteach ar chaighdeán sásúil.

Is féidir tairiscintí maoinithe a tharraingt siar mura dtéann iarratasóir rathúil i dteagmháil leis an gCoimisiún chun conradh a thabhairt chun críche de réir amlínte comhaontaithe.

Féach chonradh táscach don Chlár Oiliúna agus Forbartha na Meán, le téarmaí agus coinníollacha.

Ina theannta sin, tabhair an méid seo a leanas faoi deara:

**Tarraingt anuas an mhaoinithe:** Go ginearálta, íocfar maoiniú in dhá nó trí thráinse agus comhaontaítear céatadán an mhaoinithe i ngach tráinse le linn idirbheartaíocht chonartha idir an t-iarratasóir rathúil agus Coimisiún na Meán.

**Cuntas bainc:** Ní fhéadfar maoiniú a eisiúint ach chuig cuntas bainc ar leithligh le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá á maoiniú. Ní mór an t-ainm ar an gcuntas bainc a bheith ag teacht leis an iarratasóir rathúil, agus ní mór litir gan aon fhritháireamh ón mbanc ábhartha a bheith ag teastáil.

**Cuntasaíocht**: Ceanglaítear ar iarratasóirí rathúla leis an gconradh caighdeán cuntasaíochta MTS 45 a úsáid agus ráitis costais deiridh á n-ullmhú acu le haghaidh na ngníomhaíochtaí maoinithe. Ní féidir an tráinse deiridh maoinithe a eisiúint gan é sin a dhéanamh. Tá treoir maidir le caighdeán cuntasaíochta MTS 45 ar fáil ón gCoimisiún.

**Imréiteach cánach:** Ní mór d'iarratasóirí rathúla rochtain chánach agus uimhreacha tagartha cánach a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán chun comhlíonadh cánach a léiriú sula bhféadfar aon mhaoiniú a eisiúint.

**CBL**: Ní mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus atá cláraithe le haghaidh CBL sonraisc CBL bhailí a eisiúint chuig Coimisiún na Meán chun maoiniú a fháil.

# 12. Saoráil Faisnéise

Gabhann an Coimisiún air féin a dhícheall a dhéanamh aon ábhar a chuirtear ar fáil mar fhreagairt ar an bpróiseas sin, faoi réir oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ("Acht um Shaoráil Faisnéise") a choimeád faoi rún. Iarrtar ar iarratasóirí agus ar Chonraitheoirí a mheas ar cheart aon chuid den fhaisnéis a sholáthraítear don Choimisiún in iarratas nó le linn conraitheoireachta ina dhiaidh sin a nochtadh mar gheall ar a ábhar faisnéise, chun an fhaisnéis sin a

shainaithint agus chun cúiseanna lena híogaireacht a shonrú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhaisnéis rúnda, phearsanta nó íogair ó thaobh na tráchtála de sula ndéanfar cinneadh ar aon iarraidh a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. D'fhéadfaí faisnéis den chineál sin a eisiúint mar fhreagra ar iarraidh ar shaoráil faisnéise mura meastar gur faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de í.

# 13. Cosaint Sonraí

Tá Coimisiún na Meán faoi réir gach dlí, rialachán agus treoir is infheidhme um chosaint sonraí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an "Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí") agus aon treoir agus cód cleachtais eisithe ó am go ham ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó ag aon údarás maoirseachta eile le haghaidh cosaint sonraí in Éirinn.

Beidh Coimisiún na Meán ina rialaitheoir sonraí (sa chás go dtugtar brí do Rialaitheoir Sonraí de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) maidir le haon Sonraí Pearsanta (sa chás go dtugtar brí do Shonraí Pearsanta de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) a chaithfidh iarratasóirí a chur ar fáil le haghaidh maoiniú urraíochta.

Ní mór don iarratasóir, mar rialaitheoir sonraí maidir leis na sonraí ar fad a chuireann sé ar fáil ina iarratas, a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil cead tugtha ag na hábhair sonraí ar fad (sa chás go dtugtar brí d'ábhair sonraí de réir na ndlíthe cosanta sonraí) a bhfuil a sonraí pearsanta curtha ar fáil ag an iarratasóir, i leith phróiseáil sonraí pearsanta den sórt sin ag an iarratasóir, ag Coimisiún na Meán agus ag an bpainéal measúnaithe chun críocha rannpháirtíochta sa Scéim Urraíochta seo NÓ go bhfuil bunús dlíthiúil ag an iarratasóir chun sonraí pearsanta den sórt sin a chur ar fáil do Choimisiún na Meán chun críocha rannpháirtíochta sa Scéim Urraíochta seo.

# Foscríbhinn a hAon – Plean Airgeadais

| Maoinitheoir | Méid | % den Bhuiséad Iomlán | Deimhnithe? (TÁ/NÍL) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| **Iomlán** | | | |

## Foscríbhinn a Dó - Teimpléad an Bhuiséid

Cuir línte breise isteach de réir mar is gá agus tabhair nótaí míniúcháin lena dtugtar údar le costais míreanna líne i gcás inarb iomchuí.

| **Oiliúint Cur síos ar mhír** | **Iarraidh ar Mhaoiniú – An Coimisiún** | **Ranníocaíocht ón Iarratasóir** | **Ranníocaíocht ó Mhaoinitheoir Eile (más infheidhme)** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| Oiliúnóir(í) | | | | |
| Ionad | | | | |
| Ábhair Oiliúna / Ábhair Chúrsa | | | | |
| Táillí | | | | |
| Comhordú/ Riarachán | | | | |
| | | | | |
| **Iomlán** | | | | |

| **Costais Oibriúcháin Fhoriomlána** | **Iarraidh ar Mhaoiniú – An Coimisiún** | **Ranníocaíocht ón Iarratasóir** | **Ranníocaíocht ó Mhaoinitheoir Eile** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| Airgeadas agus cuntasaíocht | | | | |
| Árachas | | | | |
| **Forchostas** (gan dul thar 5 % den bhuiséad) | | | | |
| **Iomlán** | | | | |